2024.S74T

2024J220C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2024

# Oideachas Reiligiúnach

## Comhleibhéal

## Dé Céadaoin 5 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:30

360 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 120 marc | 5 cheist |
| Roinn B | 120 marc | 5 cheist |
| Roinn C | 120 marc | 5 cheist |

Freagair gach ceist.

Níl gach ceist ar cómharc.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i ndeireadh Roinn A, Roinn B agus Roinn C sa leabhrán. Lipéadaigh aon obair bhreise den chineál sin go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Má scríobhann tú aon rud taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir é.

Ní mór duit an leabhrán scrúdaithe seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.

## Roinn A 120 marc

**Ceist 1**

Ar feadh na gcéadta bliain, tá daoine ag cur ceisteanna faoi conas a thosaigh an domhan nádúrtha. Tugann roinnt daoine míniú ar thús an domhain ó dhearcadh neamhreiligiúnach −

Creideann eolaithe gur thosaigh an domhan tuairim is 14 bhilliún bliain ó shin. An uair úd, bhí an chruinne iomlán laistigh de bhoilgeog a phléasc go tobann leis an Ollphléasc. Laistigh de bhomaite beag d’fhás an chruinne ó rud a bhí an-bheag agus lean sí ar aghaidh ag fás, mar go bhfuil sí fós ag fás sa lá atá inniu ann.



Ó do léamh ar an dearcadh neamhreiligiúnach thuas faoi conas a thosaigh an domhan, críochnaigh na habairtí seo a leanas ag baint úsáid as na focail ón mbosca thíos. Tá abairt amháin críochnaithe mar shampla duit.

| Ollphléasc | Bhoilgeog | Ag fás | Bhomaite | ~~Bliain ó shin~~ |
|---|---|---|---|---|

| |
|---|
| Creideann eolaithe gur thosaigh an domhan tuairim is 14 bhilliún … bliain ó shin. |
| An uair úd, bhí an chruinne iomlán laistigh de … |
| Phléasc an chruinne go tobann leis an … |
| D’fhás an chruinne ó rud a bhí an-bheag, laistigh de … bheag |
| Lean an chruinne ar aghaidh … |

**Ceist 2**

**(a)** Déan cur síos ar scéal faoi thús/chruthú an domhain nádúrtha a bhaineann le ceann **amháin** de na reiligiúin seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas

| |
|---|
| Reiligiún: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Luaigh **dhá** phointe faoin tuiscint ar an thús/chruthú an domhain nádúrtha atá á léiriú sa scéal a ndearna tú cur síos air i gcuid (a) thuas.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3**

**(a)**



**A** Na Deich nAitheanta




**B** Na Dharma Sutras



**C** Conair na nOcht Rian



**D** Na Cúig Cholún



**E** Dlí an Ghrá

Meaitseáil **dhá** cheann de na cóid mhorálta thuas leis na reiligiúin is mó a bhfuil baint acu leo ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas

| Cóid Mhorálta<br>(Scríobh na litreacha thíos do **dhá** chód mhorálta atá tugtha thuas) | Reiligiúin |
|---|---|
| **1.** | |
| **2.** | |

**(b)** Sampla is ea 'Cuimhnigh ar lá na Sabóide agus coinnigh naofa é' den chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag cód morálta ar an gcleachtadh reiligiúnach.
Déan cur síos ar shampla **eile** den chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag cód morálta reiligiúnach ar chleachtadh reiligiúnach na mball de mhór-reiligiún domhanda.

| Reiligiún: |
|---|
| Cód Morálta: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Déan cur síos ar shampla amháin den chaoi a spreagann an teagasc de cheann **amháin** de na reiligiúin seo a leanas a b(h)aill le haire a thabhairt don domhan: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Reiligiún: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## Ceist 4

**(a)** Léigh an cuntas thíos agus freagair an cheist a leanann.




Chun 'Lá an Domhain' 2021 a chomóradh d'eisigh an Post dhá stampa speisialta – Dearadh na stampaí chun daoine a spreagadh le gníomhú ar son athrú aeráide mar chuid den fheachtas in Éirinn 'Ar Son Daoine, Ar Son an Phláinéid'.







Ó do léamh ar an gcuntas thuas, críochnaigh na habairtí seo a leanas ag baint úsáid as na focail ón mbosca thíos. Críochnaíodh abairt amháin mar shampla duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Athrú | Lá an Domhain | 'Ar Son Daoine, Ar Son an Phláinéid' | ~~Stampa~~ |

| |
|---|
| In 2021, d'eisigh an Post dhá … Stampa … speisialta. |
| D'eisigh an Post iad seo chun ……. 2021 a chomóradh |
| Dearadh iad seo chun daoine a spreagadh le gníomhú ar son ……. aeráide |
| D'eisigh an Post iad seo mar chuid d'fheachtas ar ar tugadh … |

**(b)** Déan cur síos ar shampla **eile** den obair atá á déanamh ag grúpa/eagraíocht chun cúram don domhan a chur chun cinn sa lá atá inniu ann.

| |
|---|
| Grúpa/Eagraíocht: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

**(a)**



**A** Nirbheána




**B** Na Ceithre Fhírinne Thriathacha



**C** An Shahada/Shahadah



**D** An Seama



**E** An Tríonóid

Meaitseáil **trí** cinn de na creidimh reiligiúnacha atá liostaithe thuas leis na reiligiúin is mó a bhfuil baint acu leo ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Creidimh Reiligiúnacha<br>(Scríobh na litreacha thíos do na **trí** chreideamh reiligiúnacha atá tugtha thuas) | Reiligiúin |
|---|---|
| **1.** | |
| **2.** | |
| **3.** | |

**(b)** Luaigh conas is féidir le rud **amháin** ón ngrianghraf seo a thaispeáint gur tionól idirchreidmheach é seo.



**(c)** Déan cur síos ar shampla **eile** den chaoi a spreagtar dialóg idir creidimh éagsúla i dteagasc **ceann amháin** de na reiligiúin seo: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Reiligiún: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Samhlaigh gur iarradh ort caint a thabhairt do rang sa chéad bhliain faoin tábhacht a bhaineann le meas a bheith ag duine ar chreideamh daoine eile. Mínigh **dhá** chúis le meas a bheith ag duine ar chreideamh daoine eile a leagfá béim orthu i do chaint.

| **1.** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |
| |
| |



Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn A.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.


Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn A.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

## Roinn B — 120 marc

**Ceist 6**

Léigh focail an amhráin thíos agus freagair an cheist a leanann.



‘ … Tá leanaí ag caoineadh, saighdiúirí ag fáil bháis …
Mar tá a fhios agam go bhfuil an ghrian taobh thiar den bháisteach sin
Tá a fhios agam go bhfuil amanna maithe taobh thiar den phian sin …



Dúnaim mo shúile agus is féidir liom lá níos fearr a fheiceáil
Dúnaim mo shúile agus bím ag urnaí…
An féidir le duine éigin a rá liom conas athrú a dhéanamh?’



**(a)** I d’fhocail féin, luaigh conas is féidir duine atá ag ceistiú bhrí na beatha a fheiceáil san amhrán thuas.

**(b)** Déan cur síos ar conas is féidir duine atá ag ceistiú bhrí na beatha a fheiceáil i samplaí de ceann **amháin** díobh seo a leanas: ● Ealaín ● Scannáin ● Litríocht

Sampla **1**:

| Sampla **2**: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7**

**(a)**



**A** Soiscéil



**B** An Córán



**C** Scrollaí an Torah



**D** Tripitaka



**E** Na Véidí

Meaitseáil **dhá** cheann de na téacsanna diaga thuas leis na reiligiúin is mó a bhfuil baint acu leo ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Téacsanna Diaga<br>(Scríobh na litreacha thíos don **dá** théacs diaga atá tugtha thuas) | Reiligiúin |
| --- | --- |
| **1.** | |
| **2.** | |

**(b)** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil téacs ina théacs diaga ag na baill de reiligiún domhanda.


| Reiligiún: |
| --- |
| **1.** |
| |
| |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Déan cur síos ar shampla den tuiscint ar Dhia/ar na déithe/ar an diagaire atá léirithe i dtéacs diaga a bhaineann le ceann amháin de na reiligiúin seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Reiligiún: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 8**

**(a)** Meaitseáil **gach** ceann de na siombailí reiligiúnacha atá tugtha thíos leis na reiligiúin is mó a bhfuil baint acu leo ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas

| | Siombailí Reiligiúnacha | Reiligiúin |
|---|---|---|
| **A** |  | |
| **B** |  | |
| **C** |  | |
| **D** |  | |
| **E** |  | |

**(b)** Mínigh an chúis a bhfuil baint ag siombail reiligiúnach **amháin** leis an reiligiún lena ndearna tú é a mheaitseáil i gcuid (a) thuas.

| Siombail Reiligiúnach: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9**



**A** Ár nAthair/Paidir an Tiarna



**B** Mantra Gayatri



**C** An Takbir



**D** An Kaddish



**E** Urnaí Tearmainn

Meaitseáil ceann **amháin** de na samplaí thuas d'urnaí leis an reiligiún is mó a bhfuil baint aige leis ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Urnaí<br>(Scríobh an litir thíos d'urnaí **amháin** atá tugtha thuas) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

**Ceist 10**

**(a)** Déan cur síos ar shampla den chaoi ar féidir leis an urnaí ról a imirt i ngnáthshaol laethúil na gcreidmheach de cheann **amháin** de na reiligiúin seo a leanas:
an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Reiligiún: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)**

- Comhartha na croise a dhéanamh **A**
- Puja a dhéanamh **B**
- Wudu/Wudhu a dhéanamh **C**
- Tallit a chaitheamh **D**
- Snáth Beannaithe a chaitheamh **E**

Meaitseáil ceann **amháin** de na gníomhartha thuas a úsáidtear san urnaí leis an reiligiún is mó a bhfuil baint acu leis ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Gníomhartha a úsáidtear san Urnaí (Scríobh an litir thíos do ghníomh **amháin** atá tugtha thuas) | Reiligiún |
|---|---|
| | |

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar a mbíonn á rá ag creidmhigh faoi bhrí na beatha tríd an tslí ina mbíonn siad ag urnaí laistigh de cheann **amháin** de na reiligiúin seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Reiligiún: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn B.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn B.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

## Roinn C 120 marc

**Ceist 11**

Léigh an cuntas atá tugtha thíos faoi shearmanas agus freagair na ceisteanna a leanann.



Tráthnóna Dé hAoine seo caite fuair mé cuireadh chuig searmanas ainmnithe linbh i dteaghlach áitiúil. Nuair a thángamar chuig a dteach chuir baill éagsúla de theaghlach an linbh fáilte romhainn. Tugadh muid isteach tríd go dtí cúl an tí, áit a raibh an leanbh ina chodladh i gcliabhán. Nuair a bhí gach duine ina shuí timpeall an chliabháin, sheas an ceiliúraí suas agus chuir tús leis an searmanas ag déanamh cur síos ar an gcaoi ina dtaispeánfadh sé tacaíocht an teaghlaigh i gcoitinne agus an phobail áitiúil don leanbh. Labhair tuismitheoirí an linbh ansin faoin ngliondar a bhí orthu a bheith ina dtuismitheoirí agus a nguí go mbeadh sláinte agus sonas ag an leanbh. Las na seantuismitheoirí coinnle chun na taobhanna éagsúla dá dteaghlach a léiriú. Nuair a d'iarr an ceiliúraí ar na tuismitheoirí an t-ainm a bhí roghnaithe acu dá leanbh a thabhairt, d'fhreagair siad 'Colmán' mar go gciallaíonn sé 'colm beag'. Thug gach duine bualadh bos agus shín siad amach a lámh chun beannú don leanbh lena ainm. Tugadh cuireadh dúinn ar fad chuig béile leis an teaghlach. Oíche iontach a bhí ann agus ba eispéireas álainn é am a chaitheamh leis an méid sin cairde agus comharsan.

**(a)** Ó do léamh ar an gcuntas seo, tabhair **dhá** chúis ar tugadh cuireadh do dhaoine chuig an searmanas a ndearnadh cur síos air thuas.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |

**(b)** Luaigh **dhá** éifeacht a bhí ag a bheith páirteach sa searmanas thuas ar na daoine a bhí ann.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| |
| |

| 2. |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 12**

**(a)** Déan cur síos ar shampla **eile** den chaoi ina n-úsáideann daoine deasghnátha chun ócáid sa saol a chomóradh.

| Ócáid sa saol: |
|---|
| Deasghnáth: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Luaigh cúis **amháin** a n-úsáideann daoine deasghnátha chun ócáidí sa saol a chomóradh.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 13**

Léigh an iontráil dialainne thíos agus freagair an cheist a leanann.

A Dhialann Dhil,
Inniu chuaigh mé in éineacht le Sam chuig an bhfoirgneamh a dtéann sé chuige chun guí gach Aoine. Sheas an foirgneamh amach sa tsráid toisc go raibh díon ciorclach óir air. Bhí clós agus fuarán ann os comhair an fhoirgnimh áit, a dúirt Sam, a níonn a phobal a lámha, a gcosa agus a n-aghaidh sula dtéann siad isteach. Bhain mé mo bhróga díom, chlúdaigh mé mo cheann agus chuaigh mé isteach san fhoirgneamh le Sam. Bhí seomra mór amháin laistigh agus cairpéad ar an talamh áit a raibh daoine ar a nglúine agus ag guí. Bhí ballaí an tseomra maisithe le habairtí ó théacs diaga. Ní raibh aon dealbha ná pictiúir san fhoirgneamh. Thaispeáin Sam cuasán beag leathchiorclach dom i gceann de na ballaí a thaispeánann an treo ba chóir dó a bheith ag féachaint agus é ag guí. Thug Sam an pictiúr seo dom le coinneáil mar chuimhne ar ár gcuairt.



Go dtí amárach. Pat

**(a)** Ó do léamh ar an iontráil dialainne thuas, mínigh **dhá** chúis ar féidir cur síos a dhéanamh ar an bhfoirgneamh seo mar áit adhartha.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)**



**A** Eaglais



**B** Mosc



**C** Mandir



**D** Sionagóg



**E** Vihara

Meaitseáil **dhá** cheann de na háiteanna adhartha atá sna pictiúir thuas leis na reiligiúin is mó a bhfuil baint acu leo ón liosta seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| Áiteanna Adhartha<br>(Scríobh na litreacha thíos do **dhá** áit adhartha atá tugtha thuas) | Reiligiúin |
|---|---|
| **1.** | |
| **2.** | |

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar conas a léirítear creideamh reiligiúnach i ndeasghnáth a bhaineann le háit adhartha do bhaill de cheann **amháin** de na reiligiúin seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

| | |
|---|---|
| Reiligiún: | Áit Adhartha: |
| Deasghnáth: | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Ceist 14**



Leabhar Cheanannais



Cailís Ardach

Is sampla de réada reiligiúnacha iad Leabhar Cheanannais agus Cailís Ardach, a rinneadh in Éirinn na céadta bliain ó shin a bhfuil ardmheas ag muintir na hÉireann orthu sa lá atá inniu ann.

Mínigh an chaoi a raibh baint ag réad reiligiúnach **amháin**, a bhfuil ardmheas ag muintir na hÉireann air sa lá atá inniu ann, le cleachtais reiligiúnacha mhuintir na hÉireann na céadta bliain ó shin.


| Ainm an réada reiligiúnaigh: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 15**


I measc na bhfear agus na mban a raibh baint acu le fás na Críostaíochta in Éirinn ar feadh na gcéadta bliain, bhí na daoine seo a leanas –



Naomh Bríd



Naomh Colmcille



Naomh Pádraig

Déan cur síos ar **dhá** shampla den pháirt a bhí ag duine **amháin** dá leithéid le creidimh na Críostaíochta a scaipeadh i measc mhuintir na hÉireann na céadta bliain ó shin.

| |
|---|
| Ainm: |
| **1.** |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn C.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

Spás roghnach scríbhneoireachta i gcomhair Roinn C.

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Íomhá ar lch 3: https://www.independent.ie/business/technology/tech-gaming/new-planet-earth-series-will-utilise-drones-34478066.html

Íomhánna ar lch 4: An Chéad Phictiúr: https://www.thetorah.com/article/status-of-the-decalogue; An Dara Pictiúr: https:// www.indica.today/long-reads/place-of-dharmashastras-in-hindu-worldview; An tríú pictiúr: https:// mindworks.org/blog/what-is-buddhist-eightfold-path; An ceathrú pictiúr: https://www.muslimaid.org /media-centre/blog/the-five-pillars-of-islam; An cúigiú pictiúr: https://www.redeemersavior.com/bible-verses-about-the-heart/

Íomhánna ar lch 6: An Chéad Phictiúr: https://www.irishtimes.com/business/retail-and-services/an-post-aiming-for-net zero-emissions-by-2030-1.4543928; An Dara Pictiúr: https://irishcountrymagazine.ie/good-news-stories-ideas-for-earth-day; An tríú pictiúr: https://irishcountrymagazine.ie/good-news-stories-ideas-for-earth-day/

Íomhánna ar lch 7: An Chéad Phictiúr: https://www.hindudevotionalblog.com/2018/06/meaning-of-moksha-or-nirvana.html; An Dara Pictiúr:  https://www.yogapedia.com/definition/5555/four-noble-truths; An tríú pictiúr: https://www.etsy.com/ie/listing/628347858/muslim-shahada-symbol-machine-embroidery; An ceathrú pictiúr: https://firmisrael.org/learn/shema-the-hebrew-word-and-prayer-you-should-know/; An cúigiú pictiúr: https:// favpng.com/png_view/shamrock-ireland-shamrock-saint-patricks-day-clip-art-png/wA4NrjJK; An Séú Pictiúr: https://www. Chicagocatholic.com/chicagoland/-article/2017/09/06/special-issue-for-9-11

Íomhá ar lch 8: https://th.bing.com/th/id/R.cae2baf409149792db3f52827b0e923e?rik=EX3NyX7kc%2fDcZw &riu=http%3a%2f%2fwhitstonevillage.com%2fwp-content%2fuploads%2fImages%2fmeeting-300x236.jpg&ehk=T09h5uTGKH5Ya8cS9%2fBdmA%2bzviTpOBcQHrLZp3m6kV8%3d&risl=&pid=ImgRaw&r=0

Íomhánna ar lch 11: An Chéad Phictiúr: https://www.clipartmax.com/middle/m2i8G6m2i8Z5d3d3_music-letters-on-staff; An Dara Pictiúr: https://www.clipartmax.com/so/music-staff-clipart; An tríú pictiúr: https:// www.writermag.com/improve-your-writing/revision-grammar/multiple-question-marks

Íomhánna ar lch 12: An Chéad Phictiúr: https://www.ucg.org/bible-stud-tools/booklets/the-gospel-of-the-kingdom/ are-there-different-gospels; An Dara Pictiúr: https://www.rct.uk/collection/1005000/al-quran-lqran-the-quran; An tríú pictiúr: https://www. bbc.co.uk/norfolk/content/articles/2007/01/11/faith_divine_torah_scroll_ feature.shtml; An ceathrú pictiúr: https:// www. ft.lk/columns/Catch-22-of-the-Tripitaka-Conservation-Act/4-719566; An cúigiú pictiúr: https://www. newworld encyclopedia.org/entry/Vedas

Íomhá ar lch 14: http://clipart-library.com/lotus-flower-outline.html

Íomhánna ar lch 15: An Chéad Phictiúr: https://www.xavier.edu/jesuitresource/online-resources/prayer-index/ humility; An Dara Pictiúr: https://www.bbc.com/news/blogs-news-from-elsewhere-31002439; An tríú pictiúr: https:// www.bbc.com/news/entertainment-arts-23142732; An ceathrú pictiúr: https://www.bbc.com/news/ world-middle-east-35455869; An cúigiú pictiúr: https://www.bbc.com/news/world-asia-51513882

Íomhá ar lch 19: https://www.humanism.ie/ceremonies/namings/

Íomhánna ar lch 21:  An Chéad Phictiúr: https://www.educationquizzes.com/ks1/religious-education/religious-buildings; An Dara Pictiúr: Softkey Multimedia Inc.

Íomhánna ar lch 22: An Chéad Phictiúr: http://charlevilleparish.ie/our-parish/holy-cross-church; An Dara Pictiúr: https://indianexpress.com/article/lifestyle/destination-of-the-week/these-are-some-of-the-most-beautiful-mosques-from-around-the-world-7850650; An tríú pictiúr: https://www.bbc.co.uk/religion/galleries/ hindutemple;  An ceathrú pictiúr: https://www.heyalma.com/these-15-synagogues-most-instagrammable-in-the-world; An cúigiú pictiúr: https://www.bbc.co.uk/birmingham/content/articles/2005/01/10/ birmingham_buddhist_vihara_feature.shtml

Íomhánna ar lch 23: An Chéad Phictiúr: https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/trinity-to-shelve-book-of-kells-for-four-months-1.4066215; An Dara Pictiúr: https://www.ouririshheritage.org/content/archive/topics/ schools_poetry_competition_2014/the_ardagh_chalice

Íomhánna ar lch 24: An Chéad Phictiúr: https://www. knockreligiousgoods.ie/product/st-brigid-prayer-card-laminated; An Dara Pictiúr: https://www.donegaldiaspora.ie/people/colmcille; An tríú pictiúr: https:// www.living shamrock. com/pages/shamrock-story.

**Téacsanna**

Téacs ar lch 3: https://www.esa.int/kids/en/learn/Our_Universe/Story_of_the_Universe/The_Big_Bang

Téacs ar lch 6: https://irishcountrymagazine.ie/good-news-stories-ideas-for-earth-day/; https://www.irishtimes.com/ business/retail-and-services/an-post-aiming-for-net zero-emissions-by-2030-1.4543928

Téacs ar lch 11: https://www.azlyrics.com/lyrics/justinbieber/pray.html

Téacs ar lch 19: Oiriúnaithe ó https://www.humanism.ie/ceremonies/namings; https://oxfordshire.Redkitedays. co uk interview-anne-obrien-bluebell-naming-ceremonies; https://www.dochara.com

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Oideachas Reiligiúnach

Dé Céadaoin 5 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:30